



**Ollscoil
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**ACHT NA dTEANGACHA
OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA
OLLSCOIL MHÁ NUAD
2018 - 2021**

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Ollscoil Mhá Nuad.....	4
2.1 Misean agus Aidhmeanna	4
2.2 Príomhfheidhmeanna.....	4
2.3 Príomhsheirbhísí.....	4
2.4 Cliaint.....	4
2.5 Coiste na Gaeilge	4
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach	5
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge.....	8
Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlachta sa Ghaeilge	14
5.1 Earcaíocht	14
5.2 Oiliúint agus Forbairt.....	14
5.3 Poist Shainithe Ghaeilge	15
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	16
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	16

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a fheabhsú.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile. Tá Ollscoil Mhá Nuad á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo na prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Ollscoil Mhá Nuad ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, beidh an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ar an ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 17 Bealtaine 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Ollscoil Mhá Nuad

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Tá misean Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, sonraithe i gcuispóirí na hOllscoile, mar atá leagtha síos in Acht na nOllscoileanna, 1997. Áirítear iad seo sa [Phlean Straitéiseach 2012-2017](#), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. Nuair a bhí an scéim seo á scríobh, bhí Straitéis 2018-22 na hOllscoile á cur i dtoll a chéile.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is é príomhobair na hOllscoile oideachas a chur ar fáil agus taighde a dhéanamh. Is iad na Ranna Acadúla, na hIonaid Taighde, na hOifigí Riaracháin agus na seirbhísí tacaíochta a chuireann na feidhmeanna sin ar fáil. Oibríonn an Ollscoil freisin le comhlachtaí poiblí eile de chuid an stáit agus le comhlachtaí príobháideacha.

2.3 Príomhsheirbhísí

Cuireann Ollscoil Mhá Nuad oideachas den scoth ar fáil i raon leathan ábhar. Tá an taighde agus an teagasc chomh tábhachtach céanna dúinn. Bíonn deis ag mic léinn in Ollscoil Mhá Nuad foghlaim ó thaighdeoirí agus ó scoláirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

2.4 Cliaint

Cuireann Ollscoil Mhá Nuad oideachas den scoth agus sárdheiseanna ar fáil do mhic léinn agus do thaighdeoirí.

2.5 Coiste na Gaeilge

Bhunaigh an tÚdarás Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil Coiste Gaeilge na hOllscoile mar bhuan-chomhchoiste dá gcuid. Déanfaidh an coiste maoirseacht ar na beartais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Geallann an Ollscoil an Ghaeilge a chaomhnú, a chur chun cinn agus a úsáid i ngach gné de shaol na hOllscoile a mhéad is féidir.

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Soláthar Seirbhísí ar fáil			
Ainm na Seirbhíse	Seirbhísí i mBéarla amháin	Seirbhísí i nGaeilge amháin	Go dátheangach
<p>Ionaid:</p> <ul style="list-style-type: none"> An tIonad Teagaisc agus Foghlama, Ionad Fiontraíochta, Dearaidh agus Nuálaíochta EDEN, Ionad na hÉigse, An tIonad Forbartha Gairmeacha, Ionad Léinn Forbartha Chamaí, an tIonad Scríbhneoireachta Lárionad na Gaeilge¹ 	✓	✓	
<p>Clubanna agus Cumainn:</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá breis agus 100 club agus cumann do mhic léinn gníomhach san Ollscoil Feidhmíonn Cuallacht Cholm Cille, cumann Gaelach na hOllscoile, trí mheán na Gaeilge 	✓	✓	
<p>Ranna:</p> <ul style="list-style-type: none"> Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail, Roinn an Léinn Chlasaíoch, Roinn na hAntraipeolaíochta, Roinn an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh, Roinn na Bitheolaíochta, Roinn na Ceimice, Roinn na Ríomheolaíochta, Roinn na Nuálaíochta sa Dearadh, Roinn na Sean-Ghaeilge, Roinn an Bhéarla, Roinn na hEacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasaíochta, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, Roinn an Oideachais, Roinn na Fisice Turgnamhaí, Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas², Roinn na Tíreolaíochta, Roinn na Staire, Roinn na Matamaitice & na Staitisticí, an Roinn Staidéar ar na Meáin, Roinn an Cheoil, Roinn na Fealsúnachta, Roinn na Síceolaíochta, Roinn na Socheolaíochta, Roinn na Fisice Teoiriciúla, an Scoil Ghnó, Scoil na Nua-Theangacha na Litríochta agus an Chultúir. Roinn na Nua-Ghaeilge³ 	✓		

¹ Feidhmíonn Lárionad na Gaeilge trí mheán na Gaeilge go príomha ach freastalaítear ar fhiosrúcháin a fhaightear trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

² Cuireann an Roinn Froebel don Bhun- agus don Luath-Oideachas seirbhísí ar leith ar fáil trí mheán na Gaeilge (Ranganna ar Ghramadach na Gaeilge, ar Litríocht na Gaeilge agus ar mhúineadh na Gaeilge) ach feidhmíonn an Roinn go príomha trí mheán an Bhéarla.

³ Feidhmíonn Roinn na Nua-Ghaeilge trí mheán na Gaeilge go príomha ach freastalaítear ar fhiosrúcháin a fhaightear trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

		✓	
Dámha: <ul style="list-style-type: none"> Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta⁴, Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta 	✓		
Oifigí: <ul style="list-style-type: none"> An Oifig um Chomhairle Acadúil, An Oifig Rochtana, An Oifig Lóistín, An Oifig Iontrála, An Oifig Alumni, Oifig an Sparánaí, An Oifig Pleanála agus Forbartha Campais, An Oifig Seirbhísí Campais, An Oifig Tráchtálaíochta, An Oifig Cumarsáide agus Margaíochta, Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise agus Nuálaíochta, Oifig Bhronnadh na gCéimeanna, Oifig na nDéan, An Oifig Míchumais, Oifig na Scrúduithe agus Amchláir, Oifig na dTáillí & na nDeontas, Oifig na Fondúireachta, An Oifig Saorála Faisnéise, An Oifig Staidéir Iarchéime, An Oifig um Shláinte agus um Shábháilteacht, An Oifig Acmhainní Daonna, An Oifig Idirnáisiúnta, An Oifig Socrúcháin, Oifig an Uachtaráin, An Oifig um Chur chun Cinn na Cáilíochta, Oifig an Chláraitheora, Oifig Taifead na Mac Léinn agus Clárúcháin, An Oifig Riaracháin Taighde, An Oifig Forbartha Taighde, An Oifig Slándála, An Oifig Spóirt Oifig na Gaeilge⁵ 	✓	✓	
Institiúidí agus Ionaid Taighde: <ul style="list-style-type: none"> Institiúid Edward M Kennedy, Institiúid Hamilton, ICARUS (Aonad Taighde ar an Aeráid), An Institiúid Imdhíonachta, An Institiúid um Luach Nuálaíochta, Institiúid na nDaonnachtaí agus na nEalaíon, Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta, An Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht, An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach & Spásúil 	✓		
Seirbhísí: <ul style="list-style-type: none"> An Siopa Leabhar, Caiféanna & Bialanna, Seirbhís Séiplíneachta, Naíolann, Seirbhísí TF, An Leabharlann, Seirbhís Idirghabhála, Ionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta Buiséadaíochta na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta na Mac Leinn Aontas na Mac Léinn (Déanann Oifigeach na Gaeilge 	✓		✓

⁴ Feidhmíonn Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta trí mheán an Bhéarla go príomha ach bíonn roinnt gníomhaíochta trí Ghaeilge ar bun aici

⁵ Feidhmíonn Oifig na Gaeilge trí mheán na Gaeilge go príomha ach freastalaítear ar fhiosrúcháin a fhaightear trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

Aontas na Mac Léinn éascú ar sheirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do mhic léinn)			
---	--	--	--

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal		<p>Beidh na fógraí réamhthairfeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:</p> <p>(a) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;</p> <p>(b) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘tairfeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí tairfeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.</p>	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile,	Éigeantach

		lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann Ollscoil Mhá Nuad in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad na gníomhartha ar an liosta seo a leanas i gcrích roimh dheireadh na Scéime:

An meán cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais
Cumarsáid ó Bhéal / Scríofa	Cumarsáid fóin leis an bpobal	<ul style="list-style-type: none"> • Cinnteoidh an Ollscoil: <ul style="list-style-type: none"> - go mbeidh lucht an lasc-chláir in ann beannú as Gaeilge do ghlaiteoirí; agus - go bhfuil socruithe cuí ann chun gur féidir le lucht an lasc-chláir baill den phobal a chur i dteagmháil le hoifig nó le hoifigh ar féidir leo an tseirbhís atá á lorg a chur ar fáil trí Ghaeilge, i gcásanna ina gcuirtear an tseirbhís i dtrácht ar fáil i nGaeilge.
	Seirbhís	<ul style="list-style-type: none"> • Gheofar seirbhís Ghaeilge ó: <ul style="list-style-type: none"> - Oifig na Gaeilge - Lárionad na Gaeilge - Roinn na Nua-Ghaeilge • Cuirfidh na hoifigí seo a leanas seirbhís Ghaeilge ar fáil (i gcásanna áirithe faigheann siad cúnaimh ó Oifig na Gaeilge

		<p>chuige sin):</p> <ul style="list-style-type: none"> - Oifig an Uachtaráin - Oifig an Leas-Uachtaráin Gnóthaí Acadúla, an Chláraitheora agus an Uachtaráin Ionaid - Oifig an Déin - An Oifig um Chomhairle Acadúil - An Oifig Iontrála - Oifig Taifead na Mac Léinn - Seirbhísí na Mac Léinn - Aontas na Mac Léinn: Oifigeach na Gaeilge <p>Cuireann Ranna/Oifigí áirithe eile seirbhís Ghaeilge ar fáil ag brath ar an bhfoireann chuí a bheith ar fáil.</p>
	Bileoga/Bróisiúir /Foilseacháin/ Eolais_	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirtear na doiciméid dhátheangacha seo a leanas nó a gcomhionann ar fáil i gcóip chrua nó i bhformáid leictreonach: <ul style="list-style-type: none"> - Achoimre ar Chúrsaí Ollscoil Mhá Nuad d’Fhochéimithe - Cairt Seirbhíse na hOllscoile - Ráiteas Beartais ar an gComhionannas - Cuirtear eolas faoi Laethanta Bronnta Céimeanna ar fáil sa dá theanga oifigiúla • Breithneofar ábhar i nGaeilge le foilsiú in <i>The Bridge</i>, irisleabhar bliantúil na gcéimithe • Breithneofar ábhar i nGaeilge le foilsiú i nuachtlitir <i>University News</i>, a chuirtear i gcló trí huair sa bhliain. • Athbhreithneofar reachtanna Ollscoil Mhá Nuad. Ag deireadh an athbhreithnithe sin, foilseofar na reachtanna nua sa dá theanga oifigiúla.
	Foirmeacha_	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirtear foirm iarratais oifigiúil na hOifige Cóiríochta ar fáil sa dá theanga • Tá leagan Gaeilge den Fhoirm Phearsanra ar fáil • Nuair a bhí an scéim seo á dréachtú, bhí na foirmeacha seo a leanas ar fáil i gcóip chrua sa dá theanga: <ul style="list-style-type: none"> - Costais do Bhaill Foirne - Costais do dhaoine nach Baill Foirne iad - An fhoirm le haghaidh Taisteal Acadúil - Íocaíochtaí leis an bhfoireann ócáideach - Dearbháin mhionairgid Nuair a bhí an scéim seo á dréachtú, bhí an Ollscoil ag féachaint an bhféadfaí leagan Gaeilge ar líne a chur ar fáil den fhoirm Chostais do Bhaill Foirne.
	Eile	<ul style="list-style-type: none"> • Déantar suirbhé bliantúil dátheangach ar mhic léinn nua.
Na Meáin	Preasráitis	<ul style="list-style-type: none"> • Foilseofar roinnt preasráiteas (33%) ag an am céanna i

		nGaeilge agus i mBéarla. Déanfaimid monatóireacht ar líon na bpreasráiteas dátheangach a fhoilseofar agus déanfar iarracht an líon a mhéadú.
	Urlabhraithe Meán	<ul style="list-style-type: none"> • Tiomsófar agus coimeádfar liosta de bhaill na hOllscoile atá in ann agus sásta déileáil leis na meáin Ghaeilge.
	Ríomhphost	<ul style="list-style-type: none"> • Táthar ag tacú le baill foirne chun a dteidil a aistriú lena n-úsáid i sínithe ríomhphost agus ar chártaí gnó, más gá. • Déanfar iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le baill foirne a chumasú chun a gcumas Gaeilge a chur in iúl ina síniú ríomhphost.
Teicneolaíocht na Faisnéise	Suíomhanna Gréasáin	<ul style="list-style-type: none"> • Gheofar an t-eolas ginearálta seo a leanas sa dá theanga oifigiúla ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. An leathanach eolais cúlra dar teideal ‘Mar gheall orainne’, Stair na hOllscoile, Beannacht agus Fáilte ón Uachtarán agus Turas Grianghraif ar an gCampas (is féidir nach mbeidh an turas seo á thairiscint níos mó) • Cuirfear gach téacs ‘Fáilte’ ar shuíomh gréasáin gach aonaid san Ollscoil ar fáil sa dá theanga. • Ní bheidh na ranna seo a leanas den suíomh gréasáin ar fáil ach amháin i nGaeilge nó go dátheangach: <ul style="list-style-type: none"> - Oifig na Gaeilge - Roinn na Nua-Ghaeilge - Acht na dTeangacha Oifigiúla - Leathanach gréasáin na Comhairle Acadúla -Lárionad na Gaeilge • Cuirfear an leathanach gréasáin dar teideal ‘Saoráil Faisnéise’ ar fáil go dátheangach • Coimeádfar an roinn dar teideal ‘An Ghaeilge san Ollscoil’ den suíomh gréasáin cothrom le dáta le heolas faoin nGaeilge san Ollscoil. • Méadófar an méid ábhair dhátheangaigh atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOllscoile. • Aithneofar ar People Finder, saoráid phoiblí cuardaigh a thaispeánann sonraí fhoireann na hOllscoile, daoine atá sásta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. • Cuirfear teachtaireacht fáilte i nGaeilge le Moodle, timpeallacht foghlama ar líne na hOllscoile • Scaipfear ábhar dátheangach agus ábhar Gaeilge trí chainéil meán sóisialta Oifig na Gaeilge.
	Ríomhchórais	Seo mar a dhéanfar de réir a chéile le linn thréimhse na Scéime: <ul style="list-style-type: none"> • Cinnteoidh an Ollscoil, a mhéad is féidir, go gcumrófar ríomhstáisiúin oibre nua agus gléasanna imeallacha sa chaoi

		<p>gur féidir ábhar sa dá theanga oifigiúla a iontráil, a thaispeáint agus a phriontáil.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cinnteoidh an Ollscoil, a mhéad is féidir, go dtacóidh córais a úsáidtear go coitianta m.sh. ríomhphost, timpeallachtaí foghlama fíorúla agus córais oifige leis an dá theanga oifigiúla agus go gcuirfear pacáí Gaeilge (litreoirí, uirlisí profála srl.) i bhfeidhm ar shlí thráthúil rialaithe tar éis don déantóir ábhartha bogearraí iad a eisiúint • Aon uair is féidir, beidh córais a úsáidtear go coitianta agus córais a bhfuil comhéadan poiblí acu ‘comhoiriúnach’ ó thaobh soláthar a dhéanamh le gur féidir ainmneacha agus logainmneacha (seoltaí) a thaifeadh, a thaispeáint agus a phriontáil sa dá theanga oifigiúla faoi rogha an úsáideora, agus déanfar teidil na gcáilíochtaí acadúla, teidil ábhar agus modúl a thaifeadh, a thaispeáint agus a phriontáil i gcibé teanga oifigiúil is cuí don ábhar.
Eile	Mic léinn	<ul style="list-style-type: none"> • Comhlíonfaidh mic léinn i gcúrsaí ar leith riachtanais a gclár céime trí thréimhse shonraithe ama a chaitheamh i gceantar Gaeltachta • Leanfaidh an Ollscoil de dheis a thabhairt do mhic léinn ar cainteoirí Gaeilge iad cur isteach ar árasáin atá curtha ar leataobh do chainteoirí Gaeilge • Cuirfidh an tIonad Forbartha Gairmeacha, i gcomhpháirtíocht le hinstiúidí eile tríú leibhéal, eolas cothrom le dáta i dtaobh gairmeacha le Gaeilge ar fáil do mhic léinn ar a suíomh gréasáin, mar aon le comhairle phraiticiúil ar an tslí le CV a ullmhú i nGaeilge chomh maith le cabhair chun litreacha clúdaigh a chumadh d’iarratais ar phoist agus iarchéimeanna (do mhic léinn oideachais múinteora agus mic léinn eile) agus comhairle maidir le ráitis phearsanta i nGaeilge. • Déanfaidh an Ollscoil iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le modúl a chur ar fáil trí Ghaeilge in ábhair taobh amuigh den chéim sa Nua-Ghaeilge. Cuirtear modúl amháin matamaitice ar fáil faoi láthair. • Mar chuid den chúrsa ionductaithe, tabharfar eolas ar ‘An Ghaeilge san Ollscoil’ do mhic léinn, lena n-áirítear eolas ar ranganna, imeachtaí agus cumann Gaelach na hOllscoile.
	An Fhoireann	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear feachtas teanga san áireamh san oiliúint ionductaithe lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann impleachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla dá gcuid oibre. • Eagrófar ranganna Gaeilge, agus Gaeilge do chuspóirí gairmiúla san áireamh, agus tabharfar cúnamh do bhail foirne ar mian leo freastal ar na ranganna sin • Tabharfar scéala don fhoireann i dtaobh ranganna Gaeilge

		<p>ar ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh d’uaireanta oibre, ar an gcampas agus lasmuigh de</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear seirbhísí Gaeilge chun cinn go gníomhach, trí chomharthaíocht, fógraí in oifigí agus ar an suíomh gréasáin, srl.
	<p>An Fhoireann agus na Mic Léinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tá roinnt Gaeilge ar cártaí na mball foirne/mac léinn. • Is í Oifig na Gaeilge a bheidh mar phríomhphointe teagmhála do chainteoirí Gaeilge na hOllscoile. • Cothófar an caidreamh idir Aontas na Mac Léinn, Cuallacht Cholm Cille agus Oifig na Gaeilge. • Beidh ionadaíocht ag na mic léinn ar Choiste Gaeilge na hOllscoile • Cuirfear tacú ar fáil do ‘Sheomra Gaeilge’, a bheidh ina spás sóisialta do chainteoirí Gaeilge • Cuirfear imeachtaí / gníomhaíochtaí cultúrtha Gaeilge ar fáil do phobal na hOllscoile.

Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlachta sa Ghaeilge

5.1 Earcaíocht

Cuirfear paca ionductaithe ar fáil don fhoireann nua ar fad, paca ina mbeidh Scéim Teanga na hOllscoile/Acht na dTeangacha Oifigiúla lena chinntiú go dtuigeann siad ár ngealltanais faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Geallann Ollscoil Mhá Nuad deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna cuíchreidiúnaithe Gaeilge, ach na hacmhainní a bheith ar fáil. Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.

Cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad na gníomhartha ar an liosta seo a leanas i gcrích roimh dheireadh na Scéime:

		Gealltanais
Cumas Labhartha na Gaeilge a Fheabhsú	Oiliúint	<ul style="list-style-type: none">Cuirfear oiliúint i bhfeasacht teanga ar fáil don fhoireannBeidh ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann i gcónaí
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cur chun cinn na teanga	<ul style="list-style-type: none">Déanfar imeachtaí a eagrú agus a chur chun cinn chun feasacht chultúrtha a chur chun cinn.

5.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Nuair a bhí an scéim seo á dréachtú, bhí na poist atá liostaithe thíos ainmnithe mar phoist a ngabhann riachtanas Gaeilge leo. Tá i gceist go mbeidh sainchaighdeán áirithe creidiúnaithe sa Ghaeilge sroichte ag sealbhóirí na bpost sin, ar aon dul le freagrachtaí an phoist.

Teideal an Phoist	Suíomh	An pobal Gaeilge a bhfuiltear ag freastal air	Comhartha den chaighdeán Gaeilge a bheidh ag teastáil
Oifigeach na Gaeilge	An Oifig Cumarsáide	✓	Ardleibhéal
Feidhmiúcháin	Roinn na Nua-Ghaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
Stiúrthóir	Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
Comhordaitheoir na Gaeilge	Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
An Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin	Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
An tOifigeach Teicniúil	Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
Stiúrthóir an Chláir Aistriúcháin	Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
Oifig Forbartha TEG	Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
Léachtóirí agus teagascóirí atá freagrach as an Nua-Ghaeilge	Roinn na Nua-Ghaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh	✓	Ardleibhéal
Léachtóirí agus teagascóirí atá freagrach as an nGaeilge, Litríocht na Gaeilge agus Modheolaíochtaí Gaeilge	Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas	✓	Ardleibhéal

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Oifig na Gaeilge monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime agus tuairisceofar é sin ar bhonn bliantúil don Údarás Rialaithe. Feidhmeoidh Oifigeach na Gaeilge san Ollscoil mar theagmhálaí don scéim.

Comhroinnfear an fhreagracht as an monatóireacht agus an athbhreithniú i measc lucht ardbhainistíochta na hOllscoile; tá sé sannta don Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Acadúla i láthair na huaire.

Ceannasaithe na Ranna agus ceannasaithe seirbhísí, go príomha, a bheidh freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm ina réimsí féin, agus déanfaidh siad monatóireacht air ó lá go lá, le cúnamh ó Oifigeach na Gaeilge.

Is ar Choiste na Gaeilge a bheidh an fhreagracht comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Díreofar aird ar an scéim seo go himheánach agus go seachtrach. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOllscoile agus scaipfear é ar an bhfoireann agus ar na gníomhaireachtaí cuí. Is féidir go n-úsáidfear slite eile chun aird an phobail a dhíriú ar an scéim.

Anuas air sin, déanfar na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil a chur chun cinn agus a phoiblí ar na slite seo a leanas:

- cuirfear custaiméirí ar an eolas go díreach agus ar bhonn réamhghníomhach go bhfuil sé de rogha acu a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, mar shampla trí fhógraí a thaispeáint in áiteanna fáiltithe ar a ndeirtear go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú ar shuíomh gréasáin na hOllscoile;
- a chur in iúl ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge leis, mura bhfuil siad i bhfoirm dhátheangach;

Cuirfear cóip den scéim aontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.